reachtaíocht an Aontais lena rialaítear rochtain páirtithe údaraithe ar an bhfeithicil, ar a sonraí, a feidhmeanna agus a hacmhainní, agus coinníollacha na rochtana sin:

(4) Maidir le rochtain oibreoirí neamhspleácha ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí agus ar fhaisnéis dhiagnóiseach ar bord, lena n-áirítear rochtain chun scríofa ar an bhfaisnéis sin, le Rialachán (AE) 2018/858, cuirtear cosc ar mhonaróir feithiclí an rochtain sin a chur faoi réir coinníollacha seachas iad siúd a leagtar síos sa Rialachán sin, mar shampla coinníollacha arb í is spreagadh dóibh an chibearshlándáil.

(5) Níl creat dlíthiúil an Aontais lena rialaítear bearta cibearshlándála atá le cur i bhfeidhm maidir le rochtain ar fhaisnéis dhiagnóiseach ar bord feithicil iomlán. Le rialacha cibearshlándála an Aontais, ceanglaítear ar mhonaróirí na feithiclí a chosaint ar chibirionsaithe ach teorannaítear leo éifeacht na gceanglas teicniúla lena sonraítear na bearta is infheidhme a mhéid a bhaineann le rochtain ar shonraí feithicle. Os a choinne sin, ní chuirtear an chibearshlándáil san áireamh go leormhaith i rialacha maidir le rochtain ar fhaisnéis dhiagnóiseach ar bord feithicle. Mar thoradh air sin, bíonn aghaidh le tabhairt ag monaróirí feithiclí ar shrianta tábhachtacha dlíthiúla lena gcuirtear cosc orthu bearta éifeachtacha a chur i bhfeidhm chun an fheithicil a chosaint ar chibirionsaithe a bhaineann le rochtain ar fhaisnéis dhiagnóiseach ar bord feithicle.

(6) Dá bhrí sin, is gá a áirithiú go gceadaítear do mhonaróirí carr bearta éifeachtacha comhréireacha cibearshlándála a chur i bhfeidhm agus an tráth céanna, rochtain a thabhairt ar fhaisnéis dhiagnóiseach ar bord.

(7) An méadú ar an líon bagairtí cibearshlándála agus glacadh gaolmhar rialacha an Aontais lena gceanglaítear ar mhonaróirí feithiclí feithiclí a chosaint ar chibirionsaithe, is forbairtí teicniúla agus rialála iad sin lena dtugtar údar leis na leasuithe sin ar Iarscríbhinn X.

(8) Chun cead a thabhairt do na monaróirí aghaidh a thabhairt ar na bagairtí sin agus rochtain éifeachtach oibreoirí neamhspleácha ar fhaisnéis dhiagnóiseach ar bord feithicle á coinneáil ar bun, ba cheart a chuimsiú i Rialachán (AE) 2018/858 na coinníollacha agus na nósanna imeachta is ceadmhach do mhonaróirí feithiclí a chur i bhfeidhm chun rochtain shlán oibreoirí neamhspleácha ar fhaisnéis dhiagnóiseach ar bord a áirithiú.

(9) De réir chineál na rochtana a lorgaítear agus iarmhairtí na rochtana sin, ba cheart cead a thabhairt do mhonaróirí feithiclí ceanglas a leagan síos go ndéanfaidh monaróirí uirlisí diagnóiseacha a úsáidtear chun rochtain a fháil ar fhaisnéis dhiagnóiseach ar bord an uirlis agus an t-oibreoir neamhspleách atá ag lorg rochtana nó a fhostaí a fhíordheimhniú agus inrianaitheacht a áirithiú tríd an bhfaisnéis ábhartha maidir leis an rochtain sin a thaifeadadh agus a stóráil. Ba cheart cead a thabhairt dóibh freisin, i gcásanna sonracha, ceanglas a dhéanamh de go gceanglófaí d'fhreastalaí an mhonaróra feithiclí.

(10) Chun coinníollacha cothroma le haghaidh na hiomaíochta a chosaint, ba cheart an fhaisnéis faoi oibreoirí neamhspleácha a lorgaíonn rochtain ar fhaisnéis dhiagnóiseach ar bord feithicle a bhréagainmniú.

(11) Chun é a chur ar a gcumas do mhonaróirí feithiclí spleáchais a bhainistiú, mar a cheanglaítear faoi na rialacha cibearshlándála feithicle is infheidhme, ba cheart cead a bheith acu a fhíorú go gcomhlíonann na huirlisí diagnóiseacha agus a monaróirí na caighdeáin agus an cur chun feidhme cibearshlándála ábhartha.

